*Uimhir* 1 *de* 1997

# An tAcht Iascaigh (Coimisiúin), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 1 *de* 1997

# AN tACHT IASCAIGH (COIMISIÚIN), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA NALT

Alt

1. Léiriú.
2. Bailíocht a thabhairt d'ordú.
3. Bailíocht a thabhairt do ghníomhartha.
4. Beidh bailíochtú faoi réir teorainneacha bunreachtúla.
5. An t-ordú a fhadú.
6. Leanfaidh an comhalta den Choimisiún de bheith in oifig.
7. Leasú ar alt 5 den Acht Iascaigh (Leasú), 1995 agus feidhm an leasaithe.
8. An t-ainm ina measfar ionchúisimh a bheith á dtionscnamh nó ina leanfar díobh.
9. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1995 | |
| An tAcht Iascaigh, 1980 | 1980, Uimh. 1 |
| An tAcht Iascaigh (Leasú), 1995 | 1995, Uimh. 27 |

*Uimhir* 1 *de* 1997

# AN tACHT IASCAIGH (COIMISIÚIN), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ LE HAGHAIDH BAILÍOCHTAÍ ÁIRITHE A THABHAIRT, DO LEASÚ AN ACHTA IASCAIGH (LEASÚ), 1995, DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COMHALTAÍ DE CHOIMISIÚIN FAOIN ACHT SIN A SHLÁNÚ, AGUS CHUN CRÍOCH GAOLMHAR. [12 *Feabhra* 1997]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Léiriú.

**1.—**(1) San Acht seo—

ciallaíonn "an tAcht" an tAcht Iascaigh (Leasú), 1995;

ciallaíonn "an Coimisiún" Coimisiún Réigiúnach Iascaigh an Deiscirt, a bunaíodh leis an ordú airbheartaithe;

ciallaíonn "an t-ordú airbheartaithe" an doiciméad dar teideal an tOrdú um an Acht Iascaigh (Leasú), 1995 (Coimisiún Réigiúnach Iascaigh an Deiscirt), 1996 arna shíniú an 21ú lá d'Fheabhra, 1996 ag an Aire Stáit ag Roinn na Mara agus a n-airbheartaítear gur i bhfeidhmiú cumhachtaí a thugtar le halt 3(1) den Acht agus le hOrdú na Mara (Feidhmeanna Aire a Tharmligean)(Uimh. 2), 1995 (I.R. Uimh. 199 de 1995) a síníodh é, agus a foilsíodh mar Ionstraim Reachtúil Uimh. 51 de 1996.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt, is tagairt í d'alt den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe, agus

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

Bailíocht a thabhairt d'ordú.

**2.—**Tugtar bailíocht leis seo don ordú airbheartaithe agus measfar go raibh sé chomh bailí éifeachtúil riamh agus chun gach críche agus a bheadh dá ndéanfadh an tAire go cuí é an 21ú lá d'Fheabhra, 1996 (agus measfar, maidir leis na coinníollacha go léir a bhí ann roimh fheidhmiú na

cumhachta chun an t-ordú a dhéanamh, gur comhlíonadh iad) faoi réim agus de réir an Achta.

Bailíocht a thabhairt do ghníomhartha.

**3.**—Gan dochar do ghinearáltacht *alt 2,* gach ní a rinne, nó a airbheartaíodh a rinne, an Coimisiún nó Séamus Céitinn, nó a rinneadh, nó a airbheartaíodh a rinneadh, air nó thar a cheann nó ina leith, le linn na tréimhse dar thús an 21ú lá d'Fheabhra, 1996 agus dar chríoch an 14ú lá d'Eanáir, 1997, le linn dó a bheith ag airbheartú gur comhalta den Choimisiún é agus gurb é an Coimisiún é, beidh sé, agus measfar go raibh sé riamh, chomh bailí éifeachtúil chun gach críche agus a bheadh dá mba rud é—

(*a*) go raibh an chumhacht ag an Aire Stáit ag Roinn na Mara, an tráth a shínigh sé nó sí an t-ordú airbheartaithe, chun an t-ordú a dhéanamh agus gur comhlíonadh gach coinníoll a bhí ann roimh fheidhmiú na cumhachta sin,

(*b*) go ndearnadh an t-ordú airbheartaithe go bailí faoin Acht,

(*c*) gur bunaíodh an Coimisiún go bailí faoin Acht agus go raibh a fheidhmeanna mar a fhoráiltear leis an ordú airbheartaithe, agus

(*d*) gur ceapadh Séamus Céitinn go bailí ina chomhalta den Choimisiún faoi alt 5(2) den Acht, agus beidh téarmaí agus coinníollacha Shéamuis Céitinn mar chomhalta den Choimisiún (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais), agus measfar go raibh siad riamh agus chun gach críche, mar a bheadh dá mba rud é gur ceapadh go cuí ina chomhalta é le héifeacht ón 26ú lá d'Fheabhra, 1996

Beidh bailíochtú faoi réir teorainneacha bunreachtúla.

**4.**—Dá mba rud é, mar gheall ar aon bhailíochtú a shonraítear a bheith déanta le *halt (2)* nó *(3),* go mbeadh na hailt sin nó ceachtar acu, murach an t-alt seo, ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh an bhailíocht faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

An t-ordú a fhadú.

**5.**—Déantar leis seo an t-ordú airbheartaithe a fhadú go dtí go mbeidh an 22ú lá d'Fheabhra, 1998, nó cibé dáta is luaithe a shonróidh an tAire trí fhógra a fhoilseofar san Iris Oifigiúil, caite agus beidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis, arna leathnú amhlaidh, chun gach críche amhail is dá leathnófaí go cuí faoi alt 9(1) den Acht é.

Leanfaidh an comhalta den Choimisiún de bheith in oifig.

**6.**—Tá Séamus Céitinn, agus measfar go raibh sé riamh ina chomhalta den Choimisiún agus, faoi réir an Achta, leanfaidh sé de bheith in oifig mar chomhalta den Choimisiún amhail is dá gceapfadh an tAire go cuí é mar chomhalta le héifeacht ón 26ú lá d'Fheabhra, 1996, ar feadh ré an Choimisiúin.

Leasú ar alt 5 den Acht Iascaigh (Leasú), 1995 agus feidhm an leasaithe.

**7.**—(1) Leasaítear leis seo alt 5 den Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Déanfaidh an tAire gach comhalta de choimisiún a shlánú in aghaidh gach gnímh, caiteachais, costais, éilimh agus dliteanais eile, agus in aghaidh aon cheann díobh sin, i leith aon ghnímh nó neamhghnímh ag an gcoimisiún nó ag comhalta i gcomhlíonadh nó i bhfeidhmiú (nó i gcomhlíonadh nó i bhfeidhmiú

airbheartaithe) fheidhmeanna nó chumhachtaí an choimisiúin nó an chomhalta faoi réim nó de bhun an Achta seo.”.

(2) Beidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le gníomhartha agus neamhghníomhartha ag an gCoimisiún nó ag Séamus Céitinn, agus i ndáil leo, ar gníomhartha agus neamhghníomhartha iad a tharla roimh thosach feidhme an Achta seo.

**8.**—(1) Gach ionchúiseamh a thionscnóidh an Coimisiún nó a thionscnófar in ainm an Choimisiúin nó ar ghearán uaidh, roimh thosach feidhme an Achta seo, chun aon fhoráil de na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1995 a fhorfheidhmiú, measfar gurb é Bord Réigiúnach Iascaigh an Deiscirt arna bhunú faoin Acht Iascaigh, 1980 a thionscain é nó gur in ainm Bhord Réigiúnach Iascaigh an Deiscirt nó ar ghearán uaidh a tionscnaíodh é, agus cuirfear ainm an Bhoird in ionad ainm an Choimisiúin sna himeachtaí, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal ná ní mheasfar iad a bheith dulta ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin. An t-ainm ina measfar ionchúisimh a bheith á dtionscnamh nó ina leanfar díobh.

(2) Aon ionchúiseamh a thionscnóidh, ach nach gcríochnóidh, Bord Réigiúnach Iascaigh an Deiscirt nó a thionscnófar, ach nach gcríochnófar, in ainm Bhord Réigiúnach Iascaigh an Deiscirt nó ar ghearán uaidh, roimh thosach feidhme an Achta seo, chun aon fhoráil de na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1995 a fhorfheidhmiú (lena n-áirítear aon ionchúiseamh a measfar, de bhun *fho-alt (1)*, gur thionscain an Bord é nó gur tionscnaíodh é in ainm an Bhoird nó ar ghearán uaidh), féadfar leanúint de tar éis an tosach feidhme sin amhail is dá mba rud é gurbh é an Coimisiún a thionscain é nó gur in ainm an Choimisiúin, nó ar ghearán uaidh, a tionscnaíodh é agus cuirfear ainm an Choimisiúin in ionad ainm an Bhoird sna himeachtaí, agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal ná ní mheasfar iad a bheith dulta ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

**9.**—(1) Féadfar an tAcht Iascaigh (Coimisiúin), 1997 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

(2) Féadfar na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1997 a ghairm de na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 1995 agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6052-6

Wt. —. 50. 7/23. MM Packaging. (68766). Gr.30-15.